

Clár

1.	Cad is brí le Saoráil Faisnéise (SF)?	3
2.	Cad is féidir a iarraidh?	3
	- Do thaidid leasa shóisialaigh	3
	- Taidid leasa shóisialaigh eile	4
	- Faisnéis a mbíonn gnáthfháil uirthi	4
3.	An ngearrtar táille?	4
4.	Cé a fhéadfaidh an fhaisnéis a fháil?	5
5.	An bhfuil aon teorainn?	5
6.	Conas a dhéantar iarraidh?	5
7.	Cé a chinneann gur féidir faisnéis a thabhairt?	6
8.	An féidir cinneadh a athbhreithniú?	7
9.	An féidir taidid a leasú?	8
10.	Foilseacháin SF Eile?	8
	- RGST - Treoir maidir le Feidhmeanna agus Taidid na Roinne	8
	- Rochtain ar Threoirlínte agus ar Ghnáthaimh Inmheánacha	9
11.	Cén áit ar féidir a thuilleadh eolais a fháil?	9
12.	Comhlachtaí Poiblí Eile.	10
13.	Treoracha chun FOI 1 a chomhlánú.	12
	- Foirm iarrata FOI1	13
14.	Treoracha chun FOI 1a a chomhlánú.	15
	- Foirm iarrata FOI1a	16

Ó am go chéile athraíonn na coinníollacha cáilithe le haghaidh na scéimeanna seo againne. Déan seiceáil i gcónaí leis an Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil nó déan teagmháil lenár Seirbhís Eolais le fáil amach an bhfuil athrú ar na coinníollacha (féach ar leathanach 9 chun sonraí teagmhála a fháil). 09/07

Tá an t-eolas sa leabhrán seo i gceart agus é ag dul i gcló.

1. Cad is brí le Saoráil Faisnéise (SF)?

Faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, 1997, (a tháinig i bhfeidhm ón 21 Aibreán, 1998), tá an ceart agat:

- chun teacht ar thaidid atá i seilbh na Roinne Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh (RGST)
- chun faisnéis oifigiúil fút atá i seilbh na Roinne a leasú, má tá an fhaisnéis sin neamhiomlán, mícheart nó míthreorach
- chun míniú a fháil ar ghníomhartha na Roinne a théann i bhfeidhm ort.

Tabhair faoi deara

Féadfaidh sé nach mbeidh tú in ann teacht ar thaidid áirithe atá díolmhaithe faoi na hAchtanna, mar shampla, faisnéis a bhaineann le: duine eile; cruinnithe an rialtais; forfheidhmiú an dlí agus slándáil; saincheistanna atá faoi rún agus atá íogair ó thaobh na tráchtála de.

2. Cad is féidir a iarraidh?

Do Thaidid Leasa Shóisialaigh

Tá an ceart dlíthiúil anois agat chun rochtain a lorg ar thaidid phearsanta fút atá inár seilbh againn sa Roinn seo agus chun an fhaisnéis sin a leasú má tá sí míchruinn.

Cuimsíonn ‘Taidid’ faisnéis a shealbhaítear ar ríomhaire agus ar chomhaid pháipéir.

Mar shampla, tá an ceart agat chun rochtain a lorg ar thaidid a bhaineann le héilimh a rinne tú ar íocaíocht leasa shóisialaigh.

Taifid leasa shóisialaigh eile

Tá an ceart agat chun rochtain a lorg ar thaifid neamhphearsanta a cruthaíodh i ndiaidh 21 Aibreán, 1998. Chuimseodh na taifid seo faisnéis ar cheapadh an bheartais, ar threoirlínte agus ar ghnáthaimh a d'úsáidfeadh an Roinn ó thaobh na teidlíochta ar íocaíocht.

Mar shampla, má fhaigheann tú íocaíocht leasa shóisialaigh, beidh an ceart agat na treoirlínte, a d'úsáid an t-oifigeach a rinne an cinneadh ar d'éileamh, a fheiceáil. I ndálaí áirithe, féadfar cead a thabhairt duit teacht ar thaifid a cruthaíodh roimh 21 Aibreán, 1998.

Faisnéis a mbíonn gnáthfháil uirthi

Bíonn gnáthfháil ag an bpobal ar fhaisnéis na Roinne trí bhileoga faisnéise, trí fhoilseacháin agus trí fhreagraí ar fhiosruithe. Leanfaidh sé seo ar aghaidh. Tugann an tSaoráil Faisnéise foinse faisnéise eile trí éascaíocht a dhéanamh do rochtain a fháil ar thaifid nach mbíonn gnáthfháil orthu.

3. An ghearrtar táille?

Ní ghearrtar táille ar rochtain a fháil ar an bhfaisnéis phearsanta, de ghnáth. Gearrfar buntáille €15, áfach, i leith iarrataí ar thaifid neamhphearsanta (ráta laghdaithe €10 i gcomhair sealbhóirí cártaí leighis - ní bhaineann an táille laghdaithe seo le sealbhóirí Cártaí Cuairte Liachleachtóra Ghinearálta). Féadfaidh táillí cuardaigh agus aisghabhála agus/nó fótachóipeála sa bhreis a bheith i gceist freisin.

4. Cé a fhéadfaidh an fhaisnéis a fháil?

Ní bhíonn an ceart ag aon duine eile chun rochtain a fháil ar do thaidid phearsanta, de ghnáth, mura dtugann tú do thoiliú i scríbhinn. Iarrtar cruthúnas aitheantais, mar shampla, teastas breithe, ceadúnas tiomána nó pas ar aon duine a dhéanann iarraidh ar thaidid.

5. An bhfuil aon teorainn?

Ní bhíonn aon teorainn ar rochtain a fháil ar do thaidid phearsanta, de ghnáth. Féadfar rochtain a dhiúltú, áfach, i gcás na dtaifead a fholáíonn faisnéis ar dhuine eile and i gcás roinnt taifead a tugadh i modh rúin don Roinn.

6. Conas a dhéantar iarraidh?

Ní mór iarrataí a dhéanamh i scríbhinn agus ní mór dóthain eolais a bheith iontu chun go mbeidh a fhios againn cad iad na taidid atá á lorg agat. Ba chóir duit tagairt a dhéanamh i do litir do na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise. Ba chóir duit a rá ar mhaith leat cóipeanna de na taidid sin a fháil in aon fhoirm ar leith mar fhótachóip nó ar dhiosca ríomhaire.

Thairis sin, má tá taidid neamhphearsanta á n-iarraidh agat, ní mór duit an táille cheart €15 (€10 do shealbhóir cárta leighis) a chur isteach leis an iarraidh nuair atá sí á déanamh. Ba chóir é seo a dhéanamh ar mhodh seice, ordaithe phoist nó dréachta bhainc iníoctha leis an “Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh”.

Tabhair faoi deara

Ní bhaineann an táille laghdaithe seo le sealbhóirí Cártaí Cuairte Liachleachtóra Ghinearálta. Má bhaineann an táille laghdaithe leat, ní mór duit uimhir do chárta leighis; ainm limistéar eisiúna Fheidhmeannacht na Sláinte agus do thoiliú leis an Roinn a bheith i dteagmháil leis an bhFeidhmeannacht sin chun sonraí a sheiceáil leo.

Tá foirm iarrata (FOI 1) i gceangal leis seo ar féidir leat í a úsáid chun d'iarraidh a dhéanamh más mian leat (ach níl sé d'fhiacha ort í a úsáid).

Tá cóipeanna breise den leabhrán seo agus de na foirmeacha iniata ar fáil ó:

- d'Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil
- Seirbhísí Eolais
An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh
Oifig na Seirbhísí Leasa Shóisialaigh
Bóthar an Choláiste
Sligeach

Guthán: (071) 91 93313

nó

Líne Iarrtha Bileog Íosghlaonna: 1890 20 23 25

Tabhair faoi deara, le do thoil, go bhféadfadh soláthraithe seirbhíse éagsúla rátaí éagsúla a ghearradh as úsáid uimhreacha 1890 (Íosghlao).

7. Cé a chinneann gur féidir faisnéis a thabhairt?

Is iad oifigigh shaincheaptha (ar a dtugtar 'Oifigigh SF') a dhéanann na cinntí faoi iarrataí ar fhaisnéis faoi na hAchtanna.

Nuair a fhaightear iarrataí, seolfar i gcomhair cinnidh iad chuig an Oifigeach SF san oifig nó sa rannóg ina sealbhaítear na taifid. Déanfar d'iarraidh a admháil agus b'fhéidir go ndéanfaí teagmháil leat chun na sonraí de d'iarraidh a shoiléiriú, dá mba ghá sin.

Cuirfear cinneadh an Oifigigh SF in iúl i scríbhinn duit laistigh de 4 sheachtain ón am a fuarthas d'iarraidh. Má dhiúltaítear d'iarraidh, cibé acu go hiomlán nó go pointe áirithe é sin, cuirfear na fáthanna leis an diúltú in iúl duit. Má fhaomhtar d'iarraidh, inseofar duit faoi na socruithe chun go bhféadfaidh tú teacht ar na taifid.

8. An féidir cinneadh a athbhreithniú?

Mura bhfuil tú sásta le cinneadh an Oifigigh SF nó mura bhfaigheann tú freagra laistigh de 4 sheachtain ón am a fuarthas d'iarraidh, féadfaidh tú athbhreithniú ar leibhéal níos airde sa Roinn a lorg. Gearrfar buntáille €75 (€25 do shealbhóir cárta leighis) má dhéanann tú iarratas ar athbhreithniú cinnidh maidir le hiarraidh ar thaidid neamhphearsanta.

Tabhair faoi deara nach mbaineann an táille laghdaithe le sealbhóirí Cártaí Cuairte Liachleachtóra Ghinearálta.

Má tá tú fós míshásta le cinneadh an Oifigigh Athbhreithnithe nó mura bhfaigheann tú freagra laistigh de 3 sheachtain ón am a fuarthas an iarraidh ar athbhreithniú, tá an ceart chun achomhairc chuig an gCoimisinéir Faisnéise agat, agus is cinneadh críochnaitheach dochloíte a dhéanfaí ansin. Gearrfar buntáille €150 (€50 do shealbhóir cárta leighis) má dhéanann tú iarratas chuig an gCoimisinéir Faisnéise ar athbhreithniú cinnidh maidir le hiarraidh ar thaidid neamhphearsanta.

Tabhair faoi deara nach mbaineann an táille laghdaithe le sealbhóirí Cáirtáí Cuairte Liachleachtóra Ghinearálta.

Is ar phonc dlí amháin a fhéadfar cinneadh an Choimisinéara a achomharc chun na hArd-Chúirte.

9. An féidir taifid a leasú?

Má bhraitheann tú gur mícheart, neamhiomlán nó míthreorach iad na taifid ar deonaíodh rochtain orthu duit, féadfaidh tú iarratas a dhéanamh chun an Oifigigh SF chun go leasófaí iad. Tá foirm iarrata ar leith ar a dtugtar FOI 1a i gceangal le cúl an leabhráin seo.

Má dhiúltaítear d'iarraidh, go hiomlán nó go pointe áirithe, féadfaidh tú athbhreithniú ag oifigeach níos sinsearaí ar an gcinneadh sin a iarraidh. Má tá tú fós míshásta, féadfaidh tú an cinneadh a achomharc chuig an gCoimisinéir Faisnéise.

10. Foilseacháin SF Eile?

RGST - Treoir maidir le Feidhmeanna agus Taifid na Roinne

Tá Leabhar Tagartha foilsithe ag an Roinn seo a leagann amach a struchtúr, a feidhmeanna agus a heagar. Tugann sé sonraí freisin de na seirbhísí a chuirtear ar fáil, conas is féidir leis an bpobal leas a bhaint as na seirbhísí seo agus na hearnálacha faisnéise atá i seilbh na Roinne.

Is féidir leat cóip den leabhar seo a fheiceáil ag aon cheann dár n-oifigí áitiúla, i do leabharlann phoiblí áitiúil, i do Lárionad Faisnéise do Shaoránaigh nó ar an idirlíon ag www.welfare.ie.

Rochtain ar Threoirlínte agus ar Ghnáthaimh Inmheánacha

Cónascadh na treoirlínte inmheánacha a úsáidtear chun cinntí a dhéanamh faoi theidlíocht ar sheirbhísí éagsúla na Roinne agus is féidir teacht orthu ar an idirlíon ag www.welfare.ie.

Má theastaíonn treoirlínte uait ar ghnó nó ar scéim faoi leith, is féidir leat teagmháil a dhéanamh le d'Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil, leis na Seirbhísí Eolais nó le rannóg na Roinne a phléann leis an scéim sin, chun cóip chlóbhuailte de na treoirlínte cuí a fháil.

11. Cén áit ar féidir a thuilleadh eolais a fháil?

Tá eolas breise faoi shocruithe na Roinne seo um Shaoráil Faisnéise ar fáil trí theagmháil a dhéanamh le:

An tAonad SF
An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh
Oifigí an Rialtais
Lóiste na Sionainne
Cora Droma Rúisc
Contae Liatroma.

Guthán: 071 9672545

Ríomhphost: foi@welfare.ie

Is féidir leat eolas ar sheirbhísí leasa shóisialaigh, leabhráin eolais agus foirmeacha iarratais a fháil:

- ar an Idirlíon ag www.welfare.ie,
nó
- ó d'Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil (féach ar rannóg Eolaire

an Stáit de d'eolaí gutháin nó na Leathanaigh Órga chun uimhreacha teagmhála a fháil),

nó

- trí ghlae gutháin a chur ar Líne Iarrtha Bileog Íosghlaonna na Roinne ag **1890 20 23 25**,

nó

- trí ghlae gutháin a chur ar ár Seirbhísí Eolais ag Íosghlae **1890 66 22 44** (ó Phoblacht na hÉireann) nó **00 353 71 91 93313**.

Tabhair faoi deara, le do thoil, go bhféadfadh soláthraithe seirbhíse éagsúla rátaí éagsúla a ghearradh as úsáid uimhreacha 1890 (íosghlae).

12. Comhlachtaí Poiblí Eile.

Tá na comhlachtaí poiblí seo a leanas faoi réir na nAchtanna um Shaoráil Faisnéise, 1997 agus 2003 freisin agus tá sé de cheart agat teacht ar thaifid atá ina seilbh:

- An Oifig Achomhairc Leasa Shóisialaigh
- An Binse Leasa Shóisialaigh
- An Bord Pinsean
- An Ghníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine
- An Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh
- Oifig Fhear an Phobail um Pinsin
- An Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh

D'fhoilsigh na comhlachtaí seo leabhar SF a leagann amach a bhfeidhmeanna, a struchtúir agus a ngnáthaimh riaracháin. Tá na leabhar seo ar fáil, ach iad a iarraidh ó:

- An Príomh-Oifigeach Achomhairc
An Oifig Achomhairc Leasa Shóisialaigh
Teach D'Olier
Baile Átha Cliath 2
- An Rúnaí
An Binse Leasa Shóisialaigh
An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh
157/164 Sráid Chnoc na Lobhar
Baile Átha Cliath 2
- An Rúnaí
An Bord Pinsean
Teach Verschoyle
28/30 Sráid an Mhóta Íochtarach
Baile Átha Cliath 2
- An Ghníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine
Lárionad Uisce an Droichid
Bóthar Conyngham
Droichead na hInse
Baile Átha Cliath 8
- An Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh
Urlár 7
Teach Hume
Droichead na Dothra
Baile Átha Cliath 4
- Oifig Fhear an Phobail um Pinsin
36 Sráid an Mhóta Íochtarach
Baile Átha Cliath 2
- An Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh
Urlár 4
Teach Fhaiche Stiabhna
Ardán Phort an Iarla
Baile Átha Cliath 2

13. Treoracha chun FOI 1 a chomhlánú.

- Freagair na ceistanna go léir, le do thoil
- Bain feidhm as BLOCLITREACHA, le do thoil
- Sa spás a thugtar ag **ceist 4**, déan cur síos, le do thoil, ar na taifid atá á lorg agat a oiread agus is féidir leat. Má tá taifid phearsanta á n-iarraidh agat, luaigh an Scéim nó an tSeirbhís lena mbaineann siad, le do thoil. Má tá taifid neamhphearsanta á n-iarraidh agat, tabhair aon uimhir thagartha a d'fhéadfadh a bheith agat i dtaobh na dtaifead seo agus cuir isteach an táille chuí €15 nó €10 (sealbhóir cárta leighis) ar mhodh seice, ordaithe Phoist nó dréachta bhainc iníoctha leis an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh. Má bhaineann an táille laghdaithe leat, ní mór duit uimhir do chárta leighis, ainm limistéar eisiúna Fheidhmeannacht na Sláinte agus do thoiliú leis an Roinn a bheith i dteagmháil leis an bhFeidhmeannacht sin chun na sonraí seo a sheiceáil.
- Chun é a chur ar ár gcumas na taifid sin a fháil, ba chóir duit iarracht a thabhairt ar a bheith chomh cruinn agus is féidir ó thaobh na taifid atá uait a ainmniú. Mura féidir na taifid a iarrtar a aithint tar éis cuardaigh réasúnta, b'fhéidir go ndiúltofaí d'iarratas agus inseofar é seo duit.
- Mura leor an spás a thugtar, ceangail leathán breise leis an bhfoirm, le do thoil.
- Má tá rochtain á lorg agat ar na taifid phearsanta de chuid duine eile, ceangail a t(h)oiliú scríofa, le do thoil.

Nuair a bheidh an fhoirm seo comhlánaithe agat, ba chóir duit í a chur ar ais chuig an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh ag an seoladh seo thíos.

An tAonad SF

Oifig na Seirbhísí Leasa Shóisialaigh

Lóiste na Sionainne

Cora Droma Rúisc

Contae Liatroma.

14. Treoracha chun FOI 1a a chomhlánú

- Freagair na ceisteanna go léir, le do thoil
- Bain feidhm as BLOCLITREACHA, le do thoil
- Mura leor an spás a thugtar, ceangail leathán breise leis an bhfoirm, le do thoil.
- Ceangail aon cáipéis a thacódh le d'éileamh, le do thoil, agus inis dúinn cad iad na cáipéisí is cóir dúinn a chur ar ais chugat.

Nuair a bheidh an fhoirm seo comhlánaithe agat, ba chóir duit í a chur ar ais chuig an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh ag an seoladh seo thíos.

An tAonad SF
Oifig na Seirbhísí Leasa Shóisialaigh
Lóiste na Sionainne
Cora Droma Rúisc
Contae Liatroma.

Citizens Information

Is é an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh an comhlacht reachtúil a thacaíonn le soláthar faisnéise, comhairle agus abhcóideachta don phobal maidir leis an raon fairsing seirbhísí sóisialta agus sibhialta. Cuireann sé an láithreán gréasáin Faisnéise do Shaoránaigh ar fáil agus tacaíonn sé leis an líonra deonach de Sheirbhísí Faisnéise do Shaoránaigh agus leis an Seirbhís Teileafóin Faisnéise do Shaoránaigh.

www.citizensinformation.ie

Íosghlao 1890 777 121 (Luan-Aoine 9am-9pm)

Ionaid Áitiúla (féach in Eolaire Teileafóin na Leathanach Buí)

Tá Faisnéis do Shaoránaigh ar fáil ó bhreis is 250 láthair ar fud na tíre. Foilsítear sonraí teagmhála agus uaireanta oscailte an Ionaid Faisnéise do Shaoránaigh is gaire duit in Eolaire Teileafóin na Leathanach Buí.